
Tá lúchair mhór orainn maoiniú a chur ar fáil don Scéim Folláine agus Oiliúna, CLG Ghaoth Dobhair i gcomhar leis na scoileanna áitiúil.




Bhí sraith peile ar siúl idir na bunscoileanna áitiúil ar na mallaibh in Machaire Gathlán.









Comhghairdeas le Jonathan Ó h-Earcáin a labhair amach go hoscailte le Bloc TG4 faoina chuid deacreachtaí le meabhairshláinte agus é níos óige.

Nasc thíos don físeán.

Bá chóir dúinn uilig eolas oideachais a fháil agus lámh a chur thart ar a chéile | BLOC - YouTube

**Sraith Úr Podchraoltaí**

Tá tús curtha ag Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt le sraith úr podchraoltaí le daoine áitiúil (an dream óg don chuid is mó) bunaithe ar théamaí difriúla ar nós an Ghaeilge, an ceol, an spórt srl.

Tá fáil ar na podchraoltaí seo ar ár gcuid meáin shóisialta (Twitter agus Facebook).

Fuair an chéad sraith a rinne muid éisteacht mhaith. Seo sampla do cheann de na podchraoltaí le Jonathan Ó h-Earcáin as Gaoth Dobhair atá ag obair mar mhúinteoir in Dubai. Labhair muid leis faoin leabhar a scríobh sé bunaithe ar an meabhairshláinte chomh maith.

Jonathan Ó h-Earcáin by Conallach na Céadaoine (anchor.fm)

Tá fáil anois ar an sraith úr ar ár gcuid meáin shóisialta arís. Is é seo sampla de podchraoladh sa tsraith le Shauna Ní Dhochartaigh de bhunadh Rann na Feirste atá i mbun cúrsa Gaeltachta san Acadamh i nGaoth Dobhair faoi láthair agus is féidir teacht ar na podchraoltaí uilig a rinneadh sa tsraith go dtí seo tríd an nasc thíos. Bainigí sult!

Shauna Ní Dhochartaigh by Conallach na Céadaoine. (anchor.fm)

